Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Aibreán 2022
(OR. en)

7752/1/22
REV 1
PV CONS 21
SOC 192
EMPL 121
SAN 194
CONSOM 75

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

29 Márta 2022

## CLÁR


**Leathanach**

1. Glacadh an chláir oibre ..... 3

2. Formheas na míreanna 'A' ..... 3
   (a) Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha
   (b) Liosta na bpléití reachtacha

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. COVID-19: na dúshláin atá ag teacht aníos i Straitéis dlúthpháirtíochta an Aontais maidir le vacsaíní ..... 4

**Aon ghnó eile**

4. (a) An Úcráin: an staid dhaonnúil agus staid na sláinte ..... 4
   (b) Tograí reachtacha reatha ..... 4
   (c) Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí, chomh maith le leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) ..... 5
   (d) Cruinnithe aireachta arna n-eagrú ag Uachtaránacht na Fraince ..... 5

IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ..... 6


***

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 7389/22.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha** 7530/22

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 7530/22, lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a cuireadh faoina bráid lena nglacadh.

**(b) Liosta na bpléití reachtacha (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 7531/22

Talmhaíocht

1. Rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 a mhéid a bhaineann le cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas CST an 28 Márta 2022
➊C 7140/22 + ADD 1
PE-CONS 84/21

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, agus an Fhionlainn ag vótáil ina choinne, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(Bunús dlí: Airteagal 338 CFAE)

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

An Comhshaol

2. Cinneadh maidir leis an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol (CGC)
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 23 Márta 2022
➊C 7197/22
PE-CONS 83/21
ENV

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 192(3) CFAE)

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. COVID-19: na dúshláin atá ag teacht aníos i Straitéis dlúthpháirtíochta an Aontais maidir le vacsaíní[1] — 6994/22
*Malartú tuairimí*

**Aon ghnó eile**

**4. (a) An Úcráin: an staid dhaonnúil agus staid na sláinte** — 7566/22
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Fuair an Chomhairle an t-eolas is deireanaí ón gCoimisiún maidir leis an staid dhaonnúil agus staid na sláinte san Úcráin **agus thug sí dá haire an freagra a thug roinnt toscaireachtaí**. **I gcomhthéacs an phlé sin, bhí deis ag na hairí tuairimí a mhalartú go neamhfhoirmiúil le Stiúrthóir an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú, Andrea Ammon, agus le Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí, Emer Cooke.**

**(b) Tograí reachtacha reatha**
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**Rialachán maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE** — 12973/20 + ADD 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Chuir an Uachtaránacht an Chomhairle ar an eolas faoi staid na himeartha maidir leis an Rialachán maidir le bagairtí trasteorann tromchúiseacha ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE.

[1] Plé neamhfhoirmiúil le Stiúrthóir Feidhmiúcháin EMA agus Stiúrthóir ECDC san áireamh.

**(c) Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí, chomh maith le leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005)** [2] 7460/22
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Chuir an Uachtaránacht an Chomhairle ar an eolas faoi staid na himeartha maidir leis an gcaibidlíocht i gcomhair comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí, chomh maith le leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005).

**(d) Cruinnithe aireachta arna n-eagrú ag Uachtaránacht na Fraince** [2] 7463/22
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Chuir an Uachtaránacht an Chomhairle ar an eolas faoi na cruinnithe aireachta arna n-eagrú ag Uachtaránacht na Fraince.

---

[1] An Chéad Léamh

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Ar bhonn togra ón gCoimisiún

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**<u>Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha ‘A’ a leagtar amach in 7531/22</u>**

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna ‘A’</u>:** | **Rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 a mhéid a bhaineann le cuntais eacnamaíochta réigiúnacha na talmhaíochta**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN bhFIONLAINN**

“Ní féidir leis an bhFionlainn tacú leis an Rialachán ina iomláine toisc gur féidir a thuiscint, dar linn, le haithris 6 go gcuirtear rúndacht sonraí staidrimh i mbaol. I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Staidreamh Eorpach ((CE) Uimh. 223/2009) agus leis an gCód Cleachtais don Staidreamh Eorpach, déanfaidh na húdaráis staidrimh náisiúnta príobháideachas na soláthraithe sonraí a áirithiú.”